

FÉILEIRE NA NÉAN. MÍ

MÁRTA

Is minic sneachta againn i dtús na míosa seo, gaoth anoir agus gaoth adtuaidh agus an aimsir chomh préachta nach mian le duine an sliabh nó taobh na coille a thabhairt air féin. B'fhiú dúinn dul amach i dtús an lae, mar tá athrú mór tagtha ar an dúlradh. Ní ar na crainnte atá an t-athrú tagtha ná ar an bhféar, ach tá ceol na n-éan faoi sheol, agus tá siad féin ag seideachaigh thart féachaint, cá ndéanfaidh siad nead. Tá na leith-éanacha toghtha, ag mórán de na cearca faoi'n am seo agus chomh luath agus bhíos cleamhnas sneamtha, tosuightheas ar obair na nead, ach ionad don nead a bheith socruighthe. Is mór an crádhbh ar éanacha ionad slán don nead a fhagháil.

Chonnaic mé smólach mór lá sneachta ag cuartú crainn mór fuinnsóighe. Bhí an crann lán de ghabhlóga a d'fheilfeadh do nid ach, cé aca a bhfearr, gablóg in áirde nó gablóg i lár an chrann. Gabhlóg a raibh log maith innte nó gabhlóg fhairsing fhosgailte? D'fhan an coileach tamall i ngabhlóig áithrid agus bhí cuma air go raibh sé sásta leis gur thuirling an chearc anuas le n-áis. Níor thug sí ach aon fhéachaint amháin ar an ionad gur éirigh sí arís go mí-chéatach agus b'éigean don choileach a leanacht. I ndeire na dála thógadar crann ubhall, san ubhallghoirt, áit nach mbíonn gasúir ná cait ag teacht. Nuair a bhí an nead déanta agus na huibheacha beirthe, bhíodh an chearc le feicéal ar an nid, meadhan oidhche agus an coileach ar craobh le na h-ais.

Bhíodh nead ag péire meanntáin gorm i bpoll beag i mballa sean-caisleáin ar feadh blianta. Aon Earrach amháin, tháinig péire meanntáin dubh agus shealbuigheadar an poll agus b'éigean do na meanntáin ghorma poll eile a fhagháil dóibh fhéin. Ná h-éanacha a thógas nead foluighthe cluthmhara, mar an dreoilín agus na meanntáin, tiomsuigheann siad clúmhach dá neadracha agus tá sé airighthe go dtugann meanntáin suas le cheithre chéad cuairt, ar cró na gcearc le clúmhach a bhailiú ann. Na héanacha móinfhéir tiomsuigheann siad sop agus fionnadh beithidheach dá neadracha. Cuireann an gealbhán cátha clúdach bréige, taobh amuich ar a nid. Clúdach de chaonach agus den sgroith-chloch a chuirfeadh súil duine amú. Bíonn slám olla ina nid ag an bpluicín olla. Ach nílim cinnte cén t-éan é féin.

Is maith leis an snag breac urlár dóibe nó créafóige fúithe, agus talltóchaidh sí an dóibh le na cosa, go mbeidh sé mín agus cruaidh. Déanfa an smólach ceoil(nead?) an nós céadna le bualtrach. Beidh na healtain ag dul i laghadh lá feasta agus druideacha, feadóga buidhe, phlibíní, crotacha, agus ealtain na gcladach – na laidhríní. Na h-ealtain imirce a théigheas thar fairrge, imthigheann siad uaim i n-éinfheacht, ach na healtain a chothuigheas san tír seo, ó cheann ceann na bliana, is do réir a chéile a sgaipeann siad ó na chéile. Bíonn druideacha ina bpéirecha ag seideachain timcheall an tighe, agus ealtain druideacha san am céadna ar fud na bpairceanna. Chonnaic mé feadóga buidhe ag tógáil nide i nGleann

Eidhnín i n-aice leis na Beanna Beola agus an tseachtain céadna, chonnaic mé cluiche maith aca ar a Achréidh. Fanann mórán de na peilibíní le chéile go deire na míosa.

Athrú mór ar saoghal na n-éan seadh sgaipeadh na n-ealtan. Is iongantach mar atá siad tugtha do chomhlúadar a chéile san ngeimhreadh. Cuartuigheann siad beatha i n-éinfeacht. Taistealuigheann siad i n-éinfeacht agus codluigheann siad i n-éinfeacht. Nuair a thig an t-earrach agus aimsir guir, sgaipeann siad óna chéile agus ní fhulaingeann aon phéire aca, péire eile ina n-aice. Caitheann siad ráithe fada den bhliain sgaptha óna chéile in uigheas. Ná héanacha a chaitheann an Geimhreadh i réagúin na gréine beidh siad againn gan mhoill. Tig an caislín cloch roimhe i dtús na míosa go féilteamhail.

Idir Lá Fhéile Phádraic agus Lá Fhéile Muire na Féile Padraic, a fheictear den chéad uair i nIorras Aithneach é. Deir muintir Chonamara go bhfuil sé inann an coirce a chur chomh luath agus a thig an caislín cloch as a shuan. Ba dóigh le muintir na tuaithe gur ina shuan a chaitheadh an t-éan beag seo an geimhreadh agus deirtí gurbh é éan na seacht suan é. Is minic a fritheadh caislín beo i mballa cloch fá Nodlaig. Cloinfeas an síf seaf agus an ceolaire sailighe roimh deire na míosa, agus ina dhiadh sin bheidh súil again leis an slóigheadh mór éan, andeas. Níl aon chainnt ar imirce fós ag na deargáin sneachta ná ag na siocáin sneachta. Tá na creabhair chnotha agus na geabhaí feadhaine dá mbeathú fhéin, i gcóir an turas fhada ó thuaidh. Dá dhonacht í an aimsir i nÉirinn agus dá ghainne an beatha, is measa fós an aimsir sa ins na tíortha agus na hoileáin a ndeanfaidh siad gor agus is gainne an bheatha ionta go ndeanaiigh an ghrian a ngoradh.

Goradh an tinncéara solder
Teach an gortha the foundry
Goradh the molten metal.

Lae na bó riabhaighe
An dá rabharta – éanacha farraige
Seacht n-óg an aéir
Aibreán braonach
ar bhruach coille
sa ngarrdha